Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)**

**13612/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0252(COD)**

**CODEC 1738
POLCOM 209
SPG 8
PE 120**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ón gComhairle<br>- An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 2– 5 Deireadh Fómhair 2023) |

## I. RÉAMHRÁ

An 6 Meán Fómhair 2023, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe, dá bhformheasfadh Parlaimint na hEorpa an togra thuasluaite ón gCoimisiún gan aon leasú a dhéanamh air, go bhformheasfadh an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa.

An 19 Meán Fómhair 2023, thíolaic an rapóirtéir, Heidi HAUTALA (Na Glasaigh/SCE, FI) tuarascáil thar ceann an Choiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, arb é is aidhm di an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin a ghlacadh ar láimh. Níor cuireadh aon leasuithe i láthair.

## II. VÓTÁIL

Ghlac an Pharlaimint an seasamh uaithi ar an gcéad léamh an 5 Deireadh Fómhair 2023 agus ghlac sí an togra ón gCoimisiún ar láimh. Tá an seasamh sin le fáil sa rún reachtach uaithi.

Dá bhrí sin, ba cheart go bhféadfadh an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é, a fhormheas agus, ar an gcaoi sin, an chéad léamh a thabhairt chun deiridh don dá Institiúid.

D'fhéadfaí an gníomh reachtach a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ó Pharlaimint na hEorpa

## P9_TA(2023)0353

## Scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Deireadh Fómhair 2023 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ón gComhairle (COM(2023)0426 – C9-0226/2023 – 2023/0252(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0426),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 207(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0226/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don ghealltanas a thug ionadaí na Comhairle i litir an 6 Meán Fómhair 2023 go ndéanfaí seasamh na Parlaiminte a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A9-0267/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**P9_TC1-COD(2023)0252**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 5 Deireadh Fómhair 2023 chun go nglacfaí le Rialachán (AE) 2023/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[1],

1 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Deireadh Fómhair 2023.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ó bhí 1971 ann, dheonaigh an tAontas fabhair thrádála do thíortha i mbéal forbartha faoina scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe (‘an scéim’).

(2) Le Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], déantar foráil maidir leis an scéim a chur i bhfeidhm go dtí 31 Nollaig 2023, cé is moite den socrú speisialta do na tíortha is lú forbairt, atá fós i bhfheidhm gan aon dáta éaga.

(3) An 22 Meán Fómhair 2021, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear i bhfeidhm scéim ghinearálaithe um fhabhair tharaife agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa ón gComhairle[3] ( an “rialachán comharba atá beartaithe”). Tá an rialachán comharba atá beartaithe le teacht i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024. Mar sin féin, tá an gnáthnós imeachta reachtach ábhartha ar siúl faoi láthair agus tá baol ann nach dtabharfar chun críche é faoin 31 Nollaig 2023. Chun leanúnachas chur i bhfeidhm na scéime a áirithiú, is gá síneadh a chur le tréimhse cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 978/2012  go dtí tar éis an 31 Nollaig 2023 go dtí go nglacfar Rialachán comharba agus go mbeidh feidhm aige.

---

2 Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ón gComhairle (IO L 303, 31.10.2012, lch. 1).

3 COM(2021)0579.

(4) Trí shíneadh a chur le tréimhse cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 978/2012, ba cheart an t-am is gá a chur ar fáil chun an nós imeachta reachtach a thabhairt chun críche chun an Rialachán comharba atá beartaithe a ghlacadh. Dá réir sin, ba cheart síneadh a chur le tréimhse cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 go dtí an 31 Nollaig 2027. Sa chás go dtiocfadh an rialachántcomharba atá beartaithe i bhfeidhm agus go mbeadh feidhm aige roimh an dáta sin, ba cheart an síneadh ar thréimhse chur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 a ghiorrú go hiomchuí , agus foráil á déanamh maidir le hidirthréimhse leordhóthanach ag an am céanna. Ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla, agus chun cur i bhfeidhm leanúnach Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 a áirithiú, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart feidhm a bheith aige ón lá tar éis lá a fhoilsithe, nó, más tar éis an 31 Nollaig 2023 a fhoilsítear é, ba cheart éifeacht chúlghabhálach a bheith aige ón 1 Eanáir 2024,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 43(3) de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012, cuirtear an bhliain '2027' in ionad na bliana '2023'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ón 1 Eanáir 2024, cibé dáta is luaithe.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* *Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán* *An tUachtarán*